

A Thuismitheoir(i)/A Chaomhnóir(i),

Seans go bhfuil tú ag smaoinigh ar cén chaoi a mbeidh tú in ann tacú le do leanbh agus é/í ag aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil. Cuid thábhachtach den phróiseas sin ná eolas ar fhoghlaim do linbh a chomhroinnt. Bainfidh bunscoil do linbh leas as an bPas Oideachais chun amhlaidh a dhéanamh.

Beidh i bPas Oideachais do linbh:

- **Cárta tuairisce 6ú rang**
- **Bileog Mo Phróifíl** arna comhlánú ag do leanbh ar scoil.
- **Bileog Próifíl mo Linbh, a iarrtar ort a chomhlánú.**
- **Foirm Aistrithe Mac Léinn NEPS*** (más cu)

Tá mar aidhm ag an eolas atá sa Phas Oideachais:

- Léargas a thabhairt ar dhul chun cinn do linbh agus ar an méid a bhain sé/sí amach ar bhunscoil.
- Cabhrú le do leanbh dul chun cinn a dhéanamh
- A chur in iúl d'iar-bhunscoileanna dá mbeadh tacaíocht bhreise/tacaíochtaí breise ag teastáil le tacú le foghlaim do linbh.

Comhlánaigh an bhileog Próifíl mo Linbh agus cuir ar ais chuig an scoil í laistigh de chúig lá oibre.

Féach ncca.ie/transfer le tuilleadh eolais agus Ceisteanna Coitianta a fháil nó déan teagmháil leis an scoil má bhíonn aon cheisteanna agat.

Is mise, le meas,

LL/MM/BBBB

*I gcás páistí a fhaigheann tacaíocht bhreise, moltar Foirm Aistrithe Mac Léinn NEPS a aistriú go dtí an iar-bhunscoil go pras. I gcás páistí a dteastaíonn tacaíochtaí ar nós cúntóirí riachtanas speisialta, teicneolaíocht oiriúnaitheach nó iompar scoile uathu, ba chóir spriocdhátaí iarratais an CNOS a chur san áireamh. Dá bhrí sin, is dócha go gcaithfear an fhoirm seo a aistriú roimh na codanna eile den Phas Oideachais.

